An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 18 Márta 2016**
**(OR. en)**

**EUCO 12/1/16**
**REV 1**

**CO EUR 3**
**CONCL 2**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (17 agus 18 Márta 2016)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. IMIRCE

1. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an straitéis chuimsitheach atá aici le dul i ngleic le géarchéim na himirce. Tá go leor gnéithe dár bhfreagairt chomhchoiteann Eorpach i bhfeidhm inniu agus torthaí fónta orthu. Tá obair á déanamh go díograiseach maidir le gnéithe eile ionas go bhféadfar iad a chur chun feidhme a luaithe is féidir. Beidh sé mar thosaíocht i gcónaí smacht a fháil an athuair ar ár dteorainneacha seachtracha.

2. Tar éis na gcinntí a rinne na Cinn Stáit nó Rialtais ar an 7 Márta, agus i gcomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta Comhpháirtí leis an Tuirc agus an tsínidh a chuirfear leis, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí an méid seo a leanas:

   - tuilleadh oibre maidir leis na teophointí; tá dul chun cinn nach beag déanta d'fhonn na teophointí uile a chur ag feidhmiú go hiomlán agus d'fhonn na hacmhainní maidir le glacadh a mhéadú; ba cheart leanúint den iarracht sin, agus cúnamh iomlán á thabhairt ag an Aontas, lena n-áirítear tacaíocht do struchtúir tearmainn na Gréige;

   - leas a bhaint as gach aon mhodh atá ann chun tacú le cumas na Gréige imircigh neamhrialta a chur ar ais chuig an Tuirc i gcomhthéacs an Phrótacail um athligean isteach idir an Ghréig agus an Tuirc agus i gcomhthéacs an chomhaontaithe um athligean isteach idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc amhail ón 1 Meitheamh 2016. Dearbhaíonn na Ballstáit go bhfuil siad lánsásta na hacmhainní is gá a chur ar fáil don Ghréig ar gearrfhógra, lena n-áirítear gardaí teorann, saineolaithe tearmainn agus ateangairí. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún comhordú a dhéanamh ar an tacaíocht riachtanach uile a thugtar don Ghréig, an ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme ina iomláine agus plean oibríochtúil a fhorbairt. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus na gníomhaireachtaí, comhordú ar na struchtúir tacaíochta riachtanacha agus eagróidh siad iad chun go ndéanfar an plean a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach. Tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle go rialta maidir leis an gcur chun feidhme sin;

- tacaíocht éigeandála a chur ar fáil chun cuidiú leis an nGréig déileáil leis an staid dhaonnúil. Tá sé tábhachtach, mar sin, go nglacfaí go pras an Rialachán maidir le tacaíocht éigeandála. Ba cheart an dréachtbhuiséad leasaitheach a thíolaic an Coimisiún a ghlacadh gan mhoill. Iarrtar ar na Ballstáit ranníocaíochtaí breise a dhéanamh láithreach faoin Sásra um Chosaint Shibhialta agus cúnamh déthaobhach daonnúil a chur ar fáil;
- dlús a chur leis an athlonnú ón nGréig, lena n-áirítear na seiceálacha slándála is gá a dhéanamh; ós rud é gur mó anois líon na n-iarratas ná líon na dtairiscintí, mar a léirítear sa tuarascáil ón gCoimisiún dar dáta an 16 Márta, ba cheart do na Ballstáit tuilleadh áiteanna a thairiscint go pras, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh cheana.

3. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún " Na chéad chéimeanna oibríochtúla eile sa chomhar idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc i réimse na himirce", go háirithe maidir leis an gcaoi ina ndeimhneofaí nach mbeidh iarratas ar thearmann ó imirceach atá ag trasnú ón Tuirc go dtí an Ghréig inghlactha, bunaithe ar choincheap "tír an chéadtearmainn" nó "tríú tír shábháilte", i gcomhréir leis an dlí Eorpach agus leis an dlí idirnáisiúnta.

4. Deir an Chomhairle Eorpach arís nach gcuirtear aon cheanglais nua ar na Ballstáit leis an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a mhéid a bhaineann le hathlonnú agus le hathshocrú.

5. Deir an tAontas Eorpach arís go bhfuil sé ag súil go n-urramóidh an Tuirc na caighdeáin is airde a mhéid a bhaineann leis an daonlathas, leis an smacht reachta, le hurraim na saoirsí bunúsacha, an tsaoirse cainte san áireamh.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí leis an Iordáin agus leis an Liobáin. Iarrann sí go n-eisíocfaí gealltanais go pras agus go dtabharfaí Comhshocruithe an Aontais chun críche chun cur leis an tacaíocht do dhídeanaithe agus do phobail is ósta sa dá thír.

7. Iarrann an Chomhairle Eorpach go neartófaí an comhar le tíortha na mBalcán Thiar chun dul i ngleic le géarchéim na himirce agus chun cabhrú le cuspóirí na Comhairle Eorpaí a bhaint amach.

8. I bhfianaise na gconclúidí a thíolaic an Chomhairle Eorpach i mí Feabhra 2016, iarrann sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta tionscnamh sonrach a chur i láthair ag an gcruinniú a thionólfar i mí an Mheithimh, ar tionscnamh é a mbeidh sé mar aidhm leis go gcuirfí maoiniú breise ar fáil go gasta don fhás inbhuanaithe, do bhonneagar bunriachtanach agus don chomhtháthú sóisialta i dtíortha Chomharsanacht an Deiscirt agus na mBalcán Thiar.

9. Tá an Chomhairle Eorpach ag faire go géar ar bhealaí nua chun na hEorpa a d'fhéadfadh na himircigh neamhrialta a aimsiú agus iarrann sí go ndéanfaí aon bhearta ar bith a bheadh riachtanach ina leith sin. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic le smuigléirí i ngach aon bhall, ar gach bealach is féidir. Tá an tAontas réidh chun tacú leis an Rialtas Comhaontaithe Náisiúnta, mar an t-aon rialtas dlisteanach amháin sa Libia, lena n-áirítear, arna iarraidh sin dó, an chobhsaíocht a athbhunú, an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus an imirce chuig lár na Meánmhara a bhainistiú.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir leis na gnéithe éagsúla den straitéis chuimsitheach agus is díol sásaimh di an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an togra maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, agus ba cheart an togra sin a ghlacadh a luaithe is féidir. Déanfar tuilleadh oibre freisin ar an struchtúr a bheidh ar bheartas imirce an Aontais amach anseo, lena n-áirítear Rialachán Bhaile Átha Cliath.

## II. <u>POIST, FÁS AGUS IOMAÍOCHAS</u>

11. Mar threoir don phlé sa Chomhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2016, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach na réimsí tosaíochta beartais a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis: athsheoladh na hinfheistíochta, leanúint de na hathchóirithe struchtúracha chun ár ngeilleagair a nuachóiriú, agus beartais fhioscacha stuama a shaothrú. Beidh rian láidir na dtosaíochtaí sin le feiceáil ar na Cláir Náisiúnta um Athchóiriú agus ar na Cláir um Chobhsaíocht nó um Chóineasú ó na Ballstáit. Cabhróidh na beartais chun bonn inbhuanaithe a chur faoin téarnamh reatha agus fás agus fostaíocht a chothú. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire comhairliúchán an Choimisiúin maidir le saincheisteanna sóisialta agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá margaí saothair agus córais leasa a bheadh ag feidhmiú mar ba cheart.

12. Ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh, déanfaidh an Chomhairle Eorpach plé ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis an an aontas eacnamaíoch agus airgeadais a chomhlánú. Glacfaidh sí Clár, freisin, chun gach gné den mhargadh aonair a chur chun feidhme, lena n-áirítear straitéisí an Choimisiúin maidir leis an margadh aonair, maidir leis an margadh aonair digiteach agus maidir le haontas na margaí caipitil a fhíorú, d'fhonn leas iomlán a bhaint as an acmhainn fáis agus táirgiúlachta.

13. I bhfianaise staid achrannach earnáil chruach na hEorpa, i gcomhthéacs ró-acmhainn a bheith ann ar an leibhéal domhanda, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh go mear ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún féachaint le gníomhú ar bhealach láidir i ndáil leis an dúshlán sin.

14. Tugann an Chomhairle Eorpach cás na bhfeirmeoirí dá haire, go háirithe in earnálacha na déiríochta agus na muiceola, atá thíos go mór leis an titim sna praghsanna. Iarrann sí ar an gCoimisiún gníomhú go mear i ndáil leis an toradh a bhí ar an gcruinniú den Chomhairle (Talmhaíochta) a bhí ann ar an 14 Márta. Coinneoidh sí súil ghéar ar a dtarlóidh san earnáil sin ar mór a tábhacht don Eoraip.

15. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún Teachtaireacht a fhoilsiú maidir le plean gníomhaíochta i ndáil le CBL. Is díol sásaimh di go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún moltaí a dhéanamh i dtaca leis an tsolúbthacht a mhéadú do na Ballstáit i dtaca le rátaí laghdaithe CBL, lena mbeadh rogha ag na Ballstáit ráta nialasach CBL a úsáid i gcás táirgí sláintíochta.

## III. AN AERÁID AGUS FUINNEAMH

16. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur thíolaic an Coimisiún an pacáiste maidir leis an tslándáil fuinnimh mar aon leis an Teachtaireacht "I ndiaidh Pháras". Tathantaíonn sí ar na reachtóirí leanúint leis an obair ar na tograí chun slándáil fuinnimh an Aontais a threisiú mar ábhar tosaíochta ar bhonn na gconclúidí a thíolaic sí roimhe seo agus ar bhonn na straitéisí ábhartha ar thacaigh an Chomhairle Eorpach leo. Mheabhraigh sí freisin a thábhachtaí atá margadh fuinnimh atá idirnasctha agus lánfheidhmiúil. Ar bhonn na Teachtaireachta maidir leis an Aeráid, cuireann sí i dtreis go bhfuil an tAontas meáite ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú laistigh den Aontas agus cion na bhfuinneamh inathnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, mar a d'aontaigh an Chomhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2014. Tá sé fós mar thosaíocht againn an reachtaíocht a chur in oiriúint chun an creat sin a chur chun feidhme. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún na tograí ábhartha uile atá fágtha a thíolacadh go gasta chuige sin chun go gcuirfear an próiseas reachtach ar bun go sciobtha. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go síneofar Comhaontú Pháras i Nua-Eabhrac ar an 22 Aibreán agus cuireann sí i bhfáth gur gá don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát a bheith in ann comhaontú Pháras a dhaingniú a luaithe is féidir agus chomh luath agus go mbeidh siad ina bpáirtithe tráth a dtiocfaidh sé i bhfeidhm.